Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2022**
**(OR. fr)**

**10467/22**

**CES 14**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar aon chomhalta amháin, arna mholadh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<br>– Glacadh |

1. I litir uaidh dar dáta an 27 Eanáir 2022, chuir Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) in iúl don Chomhairle go raibh Claudine OTTO, comhalta de CESE, tar éis éirí as oifig[1].

2. I litir dar dáta an 16 Bealtaine 2022, mhol rialtas Lucsamburg Christel CHATELAIN, *Directrice des Affaires Économiques – Chambre de Commerce du Grand-Duché de Luxembourg*[2] (Stiúrthóir Gnóthaí Eacnamaíocha - Comhlachas Tráchtála Ard-Diúcacht Lucsamburg), mar chomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

3. Faoi Airteagal 302 CFAE, ceapann an Chomhairle comhaltaí an Choiste tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

4. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an ainmniúchán an 30 Bealtaine 2022 agus fuarthas tuairim fhabhrach uaidh ina leith an 24 Meitheamh 2022[3].

[1] 6157/22.
[2] 9176/22.
[3] C(2022) 4254.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 10465/22 a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.